D'fhéadfaimis athrú a chur ar an bPolasaí seo maidir le Fianáin ó am go chéile. Féach ar an eochair eolais "Nuashonrú is Déanaí" ag bun an leathanaigh seo le feiceáil cén uair dheireanach a rinneadh an Polasaí seo maidir le Fianáin a leasú. Tiocfaidh athrú ar bith ar an bPolasaí seo maidir le Fianáin i bhfeidhm nuair a chuirfimid an Polasaí leasaithe maidir le Fianáin ar fáil ar an láithreán gréasáin nó tríd an láithreán gréasáin.

**Céard is fianán ann?**

Is téacschomhaid iad fianáin a bhfuil méid beag faisnéise iontu a íoslódáiltear chuig do ghaireas nuair a théann tú ar láithreán gréasáin. Seoltar fianáin ar ais chuig an láithreán gréasáin bunaidh gach uair a théann tú ar an láithreán gréasáin i ndiaidh sin, nó chuig láithreán gréasáin eile a aithníonn an fianán. Tá fianáin úsáideach mar go gcuireann siad ar chumas an láithreáin gréasáin gaireas úsáideora a aithint. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar fhianáin ag: www.allaboutcookies.org agus www.youronlinechoices.eu.

Tá go leor feidhmeanna éagsúla ag fianáin, amhail do roghanna a thabhairt chun cuimhne le go ndéanfaidh tú nascleanúint idir leathanaigh go héifeachtach, agus feabhas a chur ar d'eispéireas úsáide ar an iomlán. Cuidíonn siad freisin lena chinntiú go bhfuil na fógraí a fheiceann tú ar líne ábhartha duit féin agus do na spéiseanna atá agat.

Baineann formhór na láithreán gréasáin ar a dtéann tú leas as fianáin d'fhonn feabhas a chur ar d'eispéireas úsáide tríd an láithreán gréasáin a chumasú 'cuimhneamh' ort, ar feadh ré do chuairte (le 'fianán seisiúin') nó nuair a thugann tú cuairt ar an láithreán gréasáin arís (le 'fianán seasmhach'). D'fhéadfadh fianáin a bheith socraithe ag an láithreán gréasáin ar a bhfuil tú ('fianáin céad pháirtí') nó d'fhéadfadh siad a bheith socraithe ag láithreáin gréasáin eile a chuireann ábhar ar fáil ar an leathanach ar a bhfuil tú ('fianáin tríú páirtí').

**Fianáin RTÉ**

Baineann RTÉ ("RTÉ"/"muid"/"ár"/"sinn") leas as fianáin céad pháirtí agus fianáin tríú páirtí. Déanaimid é seo d'fhonn úsáid an láithreáin gréasáin seo a éascú, chun tacú le soláthar faisnéise agus feidhmiúlachta duit, agus chun faisnéis a chur ar fáil dúinn féin maidir leis an leas a bhaintear as an láithreán gréasáin seo ionas go bhféadfaimis a chinntiú, a oiread agus is féidir, go bhfuil gach eolas atá air cothrom le dáta, ábhartha agus saor ó earráidí. Chomh maith leis sin, bainimid leas as fianáin chun fógraí a chur ar fáil do chuairteoirí ar na láithreáin gréasáin atá againn.

Is féidir liosta iomlán de na fianáin a úsáidtear ar an láithreán gréasáin seo a fháil anseo.

Leagtar amach tuilleadh faisnéise ar na cineálacha fianán a úsáidtear ar an láithreán gréasáin seo thíos. Tá feidhm ag Polasaí Príobháideachais RTÉ mar aon leis an bPolasaí seo maidir le Fianáin, sa mhéid go ndéanfar Faisnéis Phearsanta ar bith a bhailiú leis na fianáin.

## Cearta Úsáideora

Is féidir le hÚsáideoir fianáin a dhíchumasú ar a bhrabhsálaí nó d'fhéadfadh sé leas a bhaint as an uirlis bainistithe fianán atá againn chun a chuid roghanna a bhainistiú. Bíonn fianáin fíor-riachtanacha ar siúl i gcónaí, ach d'fhéadfadh an tÚsáideoir rogha a dhéanamh na cineálacha fianán eile ar fad a cheadú nó a dhiúltú. É sin ráite, beidh tionchar aige sin ar d'eispéireas ar an láithreán gréasáin, agus tá seirbhísí áirithe ann nach féidir a chur ar fáil gan fianáin áirithe a cheadú. Mar shampla, tá ábhar faoi leith ar na meáin shóisialta, amhail postálacha Instagram, tvuíteanna, ábhair leabaithe ar Spotify agus rianta Soundcloud, nach n-oibreoidh gan fianáin Meán Sóisialta a cheadú.

## Fianáin Fíor-Riachtanacha

Tá fianáin fíor-riachtanacha ag teastáil chun cuir ar do chumas gluaiseacht timpeall an láithreáin gréasáin, agus úsáid a bhaint as na gnéithe agus/nó na seirbhísí atá air. Bainimid leas as fianán a chuireann ar ár gcumas táscairí gréasáin criticiúla a rianú freisin, ionas go mbeidh tuiscint againn ar ár lucht féachana. Is fianáin céad pháirtí iad na fianáin ar fad a úsáidtear sa bhealach seo agus bailítear le chéile iad go mbeidh siad go hiomlán anaithnid. Gan na fianáin seo, ní fheidhmeoidh an láithreán gréasáin chomh maith céanna duit agus a bheimis ag súil leis agus d'fhéadfadh nach mbeimis ábalta seirbhísí nó gnéithe áirithe a chur ar fáil.

## Fianáin Feidhmíochta

Leis na fianáin feidhmíochta, bailítear faisnéis ar an mbealach a úsáideann cuairteoirí láithreán gréasáin, mar shampla na leathanaigh is mó a dtéann siad chucu, agus na teachtaireachtaí earráide a fhaigheann siad ó leathanaigh ghréasáin. Ní bhailítear faisnéis leis na fianáin seo a ligfí cuairteoir a aithint. Cuirtear gach faisnéis a bhailítear leis na fianáin seo le chéile agus dá bhrí sin, tá anaithnideacht ag baint léi. Baintear leas as Fianáin Feidhmíochta chun feabhas a chur ar an mbealach a n-oibríonn an láithreán gréasáin, agus chuige sin amháin.

## Fianáin Feidhme

Leis na fianáin feidhme, is féidir leis an láithreán cuimhneamh ar na roghanna agus na hoiriúnaithe a dhéanann tú agus tú air, chun gnéithe níos fearr agus níos pearsanta a chur ar fáil duit dá bharr. Mar shampla, is féidir na fianáin seo a úsáid chun cuimhneamh ar athruithe atá déanta agat i dtaca le méid an téacs, clónna agus codanna eile de leathanaigh ghréasáin gur féidir a chur in oiriúint. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí leas a bhaint astu chun seirbhísí a d'iarr tú a chur ar fáil, amhail féachaint ar fhíseán nó trácht a fhágáil ar bhlag. D'fhéadfadh an fhaisnéis a bhailítear leis na fianáin seo a bheith anaithnid, agus ní féidir leo do chuid gníomhaíochta brabhsála ar láithreáin eile a rianú. Is féidir tuilleadh faisnéise ar fhianáin dá leithéid a fháil ar láithreán gréasáin ábhartha an tríú páirtí.

## Fianáin Spriocdhírithe agus Ábhair Leabaithe Tríú Páirtí

Baintear leas as an gcineál seo fianáin chun fógraíocht spriocdhírithe a dhéanamh agus i dtaca le cuid mhór d'ábhar leabaithe meán sóisialta atá againn, agus d'fhéadfadh ár bpáirtithe fógraíochta agus meán sóisialta iad a shocrú. D'fhéadfaí leas a bhaint as na fianáin seo chun próifíl de na spéiseanna atá agat a chur le chéile agus fógraí ábhartha ar láithreáin eile a thaispeáint duit. Ní stóráiltear faisnéis phearsanta go díreach leo, ach oibríonn siad de bharr do bhrabhsálaí agus do ghaireas idirlín a aithint go sainiúil. Mura ndéanann tú na fianáin seo a cheadú, ní fheicfidh tú an méid céanna fógraíochta spriocdhírithe agus ní fheicfidh tú ábhar leabaithe amhail Tvuíteanna, postálacha Instagram, ábhar leabaithe ar Spotify nó rianta SoundCloud ar ár láithreán gréasáin.

**Do Rogha Fianán a Bhainistiú**

Tugann RTÉ cead don chuairteoir nó don úsáideoir ar láithreán gréasáin RTÉ a rogha fianán a bhainistiú ag am ar bith. Chun do roghanna a bhainistiú, is féidir;

- an cnaipe "Bainistiú" a roghnú ar an Meirge Fianán
- an deilbhín fianán a roghnú ag bun gach leathanaigh
- an nasc fianán a roghnú i mbuntáisc an leathanaigh

**Tuilleadh Faisnéise**

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil maidir le fianáin trí dhul ar www.allaboutcookies.org áit a bhfaighidh tú eolas mionsonraithe ar an mbealach chun bac a chur ar fhianáin ar do bhrabhsálaí áirithe.

Más maith leat tuilleadh eolais a fháil ar líonraí fógraíochta agus ar chláir chomhcheangailte, agus ar an mbealach a úsáidtear fianáin chun na críocha seo, téigh chuig www.youronlinechoices.com. Is tairseach faisnéise é seo atá faoi stiúir an Bhiúró um Fhógraíocht ar an Idirlíon (IAB), an cumann trádála d'fhógraíocht dhigiteach, agus cuirfear gach faisnéis a bheidh ag teastáil uait ar fáil air maidir le fógraíocht iompraíochta ar líne agus na roghanna atá ar fáil duit.

Nuashonrú is déanaí an 5 Deireadh Fómhair 2020

**Fianáin Fíor-Riachtanacha**

| Foghrúpa Fianán | Fianáin | Fianáin arna úsáid | Tréimhse Saoil |
|---|---|---|---|

| Foghrúpa Fianán | Fianáin | Fianáin arna úsáid | Tréimhse Saoil |
|---|---|---|---|
| presspack.rte.ie | wpe-auth | Céad Pháirtí | Seisiún |
| .rte.ie | OptanonConsent, OptanonAlertBoxClosed | Céad Pháirtí | 365 lá, 365 lá |
| gallipoli.rte.ie | exp_csrf_token | Céad Pháirtí | 0 lá |
| rtejr.rte.ie | atidvisitor | Céad Pháirtí | 182 lá |
| 1916.rte.ie | atuserid | Céad Pháirtí | 397 lá |
| rte.ie | _dc_gtm_UA-xxxxxxxx, gig_bootstrap_3_, __cfduid | Céad Pháirtí | 0 lá, 365 lá, 30 lá |
| ptcfc.com | __cfduid | Tríú Páirtí | 758 lá |

**Fianáin Feidhme**

| Foghrúpa Fianán | Fianáin | Fianáin arna úsáid | Tréimhse Saoil |
|---|---|---|---|
| www.rte.ie | muxData | Céa | 7300 |

| Foghrúpa Fianán | Fianáin | Fianáin arna úsáid | Tréimhse Saoil |
|---|---|---|---|
| | | d Pháirtí | lá |
| rte.ie | __unam | Céad Pháirtí | 273 lá |
| maidirle.rte.ie | pll_language, gig_toggles | Céad Pháirtí | 365 lá, 0 lá |
| .rte.ie | gig_bootstrap_3_L-OXyAWCXfbx17zMDZJf-osSrOJvZ-XdrJSfZCvJoC1MRcStY6WjP2oDZj_TjeVi, glt_3_L-OXyAWCXfbx17zMDZJf-osSrOJvZ-XdrJSfZCvJoC1MRcStY6WjP2oDZj_TjeVi, rte_pn_dismiss, rte_pn_c, _gig_llp, _gig_llu, rte_weather_last_warning_read | Céad Pháirtí | 180 lá, Seisiún, Seisiún, Seisiún, 365 lá, 365 lá, 7 |

| Foghrúpa Fianán | Fianáin | Fianáin arna úsáid | Tréimhse Saoil |
|---|---|---|---|
| | | | lá |
| presspack.rte.ie | wordpress_sec_xxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxx, wordpress_xxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxx, wordpress_logged_in_xxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxx | Céad Pháirtí | Seisiún, Seisiún, Seisiún |
| connect.facebook.net | fbsr_212765848759773 | Tríú Páirtí | 2914388 lá |
| spotify.com | _ga, _gat_gtag_xxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxx, _gid, sp_t | Tríú Páirtí | 730 lá, 0 lá, 1 lá, 60 lá |

**Fianáin Feidhmíochta**

| Foghrúpa Fianán | Fianáin | Fianáin arna úsáid | Tréimhse Saoil |
|---|---|---|---|

| Foghrúpa Fianán | Fianáin | Fianáin arna úsáid | Tréimhse Saoil |
|---|---|---|---|
| .rte.ie | rteuserid | Céad Pháirtí | Seisiún |
| gallipoli.rte.ie | exp_last_activity, exp_last_visit, exp_tracker | Céad Pháirtí | 365 lá, 365 lá, Seisiún |
| trte.rte.ie | atidvisitor, atuserid | Céad Pháirtí | 182 lá, 397 lá |
| rte.ie | _ga, _gat, _gclxxxx, _gid, _hjid | Céad Pháirtí | 730 lá, 0 lá, 90 lá, 1 lá, 365 lá |
| nr-data.net | JSESSIONID | Tríú Páirtí | Seisiún |

**Fianáin Spriocdhírithe agus Ábhair Leabaithe Tríú Páirtí**

| Foghrúpa Fianán | Fianáin | Fianáin arna úsáid | Tréimhse Saoil |
|---|---|---|---|
| rte.ie | _fbp, __gads, _gat_xxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxx | Céad Pháirtí | 90 lá, 390 lá, 0 lá |
| www.rte.ie | GoogleAdServingTest, GED_PLAYLIST_ACTIVITY | Céad | Seisiún, |

| Foghrúpa Fianán | Fianáin | Fianáin arna úsáid | Tréimhse Saoil |
|---|---|---|---|
| | | Pháirtí | Seisiún |
| gigya.com | | Tríú Páirtí | 0 lá, 365 lá, 181 lá, 365 lá |
| mathtag.com | mt_mop, uuid | Tríú Páirtí | 30 lá, 393 lá |
| ads.stickyadstv.com | uid-bp-25522, uid-bp-25746, uid-bp-951 | Tríú Páirtí | 60 lá, 60 lá, 60 lá |
| cdn.syndication.twimg.com | lang | Tríú Páirtí | Seisiún |
| everesttech.net | everest_g_v2 | Tríú Páirtí | 365 lá |
| youtube.com | GPS, VISITOR_INFO1_LIVE, YSC | Tríú Páirtí | 0 lá, 180 lá, Seisiún |
| adnxs.com | uuid2 | Tríú Páirtí | 90 lá |

| Foghrúpa Fianán | Fianáin | Fianáin arna úsáid | Tréimhse Saoil |
|---|---|---|---|
| microsoft.com | MC1, MS0 | Tríú Páirtí | 365 lá, 0 lá |
| rfihub.com | eud, euds, rud, ruds, smd | Tríú Páirtí | 390 lá, Seisiún, 390 lá, Seisiún, 390 lá |
| mookie1.com | id, mdata, ov | Tríú Páirtí | 395 lá, 395 lá, 395 lá |
| www.facebook.com | | Tríú Páirtí | Seisiún |
| bidswitch.net | bsw_origin_init, tuuid_lu, tuuid, custom_data, c | Tríú Páirtí | 0 lá, 365 lá, 365 lá, 0 lá, 365 lá |
| bidr.io | checkForPermission, bito, bitoIsSecure | Tríú Páirtí | 0 lá, 395 lá, 395 lá |
| flashtalking.com | flashtalkingad1 | Tríú | 730 lá |

| Foghrúpa Fianán | Fianáin | Fianáin arna úsáid | Tréimhse Saoil |
|---|---|---|---|
| | | Páirtí | |
| ipredictive.com | cu | Tríú Páirtí | 365 lá |
| fwmrm.net | _uid | Tríú Páirtí | 365 lá |
| scorecardresearch.com | UID, UIDR | Tríú Páirtí | 720 lá, 720 lá |
| w55c.net | matchfreewheel, wfivefivec | Tríú Páirtí | 30 lá, 396 lá |
| quantserve.com | d, mc | Tríú Páirtí | 90 lá, 396 lá |
| adform.net | uid | Tríú Páirtí | 60 lá |
| turn.com | uid | Tríú Páirtí | 180 lá |
| google.com | NID | Tríú | 183 lá |

| Foghrúpa Fianán | Fianáin | Fianáin arna úsáid | Tréimhse Saoil |
|---|---|---|---|
| | | Páirtí | |
| doubleclick.net | IDE, test_cookie | Tríú Páirtí | 390 lá, 0 lá |